

Fréamha an chogaidh críoch Laighean

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 49]

Giolla Íosa Ó Dálaigh .cc.

1 Fréamha an chogaidh críoch Laighion;
innte bheas do beathaigheadh
grís ghairthe an ghégoirir ghloin,
céddoighir caithmhe an chogaidh.

2 Críoch Laighion na lios ndaithgheal,
fréamh bunaidh lé mbeathuightheair,
an fhíochfhrasach armdha fhionn,
fíorthosach fhaghla Éirionn.

3 Dí táinig [teidhm dá ceanuibh]
cogadh Gall ré Gaoidhioluibh,
conghal nár coisgeadh ó shoin
fá fhonnMhagh bhfroistiugh bhFionntain.

4 Ón ló tug Mac Maoil na mBó
Goill go Teamhraigh, tuar iargnó,
níor shaoghlaigh síothcháin acht seal
fá fhaobhruibh líochláir Laighean.

5 Bliadhain tríochad ceithre chéad
ó thug Diarmuid, díon ainbhéad,
inmhilte foghail na bhfear,
finnghinte am tholaigh Thailtean.

6 Críoch Laighion, leaba an bhuaidhridh,
ó shoin 'na heing anshuaimhnigh
's 'na héntuinn chrithir chogthaigh
fhrithir éachttruim fhóbartaigh.

7 Lá leó-san, lá le Galluibh,
siad ortha go hursannuibh,
na Goill fán sléchtmhuighigh saoir
ar chloinn gcréachtdoiligh gCathaoir.

8 Mar sin dóibh [díochra an pudhar]
dá n-athchur, dá n-uathaghadh,
lé fíorShagh-suibh bonn frí bonn
fán bhfonn síodharsuidh slatchorr.

9 Mairid d'fhuidheall na healta
dias fhóirfios a hairmearta,
dá cheinnbhile fán baoth bean,

do dheirbhfhine laoch Laighean.

10 Dá mhac Fhiachaidh mheic Aodha,
Féilim fíochdha forraonda,
gnúis bhreachtghlan na ttroimnél ttrom,
's an soighnén reachtmhar, Rémonn.

11 Atáid ón ló fá leanbhdha,
an dá onchoin oireaghdha,
ag ionnradh gach énuilc riamh
fá fhionnmhagh gléghuirt Ghailian.

12 Mór ttroid, mór ttachar ttalchair,
tugsad riamh im Ragnallchaibh
a bhfaighnibh a bhfádmhagh nglan,
's níor fágbhadh Laighnigh leó-san.

13 Fríoth daingion dá ndearnsad bun,
dá ngoirthear Gleann Mo Luradh;
cuire fras na síothbhrough sean,
a ndíothchur as ní héidear.

14 Do-rónsad fiodhfhál farchaidh
don ghlionn áigh lé hallmhurchaibh,
treabh fhochainnte nách beag brath,
nach dochoillte nead nathrach.

15 Níorbh fholáir cruaidhe a gcroidhe,
minic trá do turnfoidhe
an fraisghleann fíochdha foltach
fairseang gríobhdha guasachtach.

16 Gleann Mo Luradh na learg ndlúth
mór tárruidh d'olc is d'iomthnúth,
's níor baoghluigheadh é giodh eadh,
saorbhruidean do ghlé an gaisgeadh.

17 Luga a chách is guais don Ghlinn,
lín a n-aightheadh um Fhéilim
d'fhuirinn neartmhair áith fhosaidh
d'ealtain ghnáith an Ghleanna-sain.

18 Ragnallaigh bheódha, Branaigh,
fá Rémann, rosc rionnamhail,
dá ghuailidheacht taobh re taoibh,
caor do chuainfhirshliocht Cathaoir.

19 Ní hé an Gleann, dom meas, a-mháin
léigthear leó a los a bhforráin,

clár fóidshean na bhfiodhbhadh ngeal,
acht cóigeadh lionnghlan Laighion.

20 Féilim reachtmhar na ruag ttiugh
dingébhaidh d'áis nó d'éigiun,
ar congbháil coinbhliochta is chean
orláimh oighreachta a aithreadh.

21 Cosmhail go gcualadur soin
a gcomhrádh re cloinn Lughoidh,
dár íoc roinn athardha an fhir
ré [a] chloinn nathardha neimhnigh.

22 Dá mhac fá bhfearthaoi frasa
ag Lugh Mheann mhac Aonghasa,
díon iatha a gcleatha corra,
Fiacha, Eacha, a n-anmanna.

23 Ar mbeith gan deabhaidh dálach
don tsaor shuilbhir shoghrádhach,
drong colgdha tiaghoid dá thoigh,
iaroid orba ar a n-athair.

24 "Choidhche a-rís," do ráidh Lughaidh,
`"ná canaidh ar chanabhair,
ná hiomluaidhidh a-raon rinn,
a chaor fhionnshluaighidh fhoirtill."

25 "Ní hathair do dháil domh-sa,
ciodh fá n-iarthaoi oram-sa
fearann deirbhshleachta Chláir Chéin?
ní dáigh eighreachta eiséin."

26 "Fríoth liom-sa a los mo láimhe
a n-ilteidhmibh anbháile
fuinn arsuidhe Chraoi na Con
ar aoi n-amhsuine, ar m'ionnradh."

27 "Do leigeadh fúibh, féchaidh ris,
cosnuidh féin orba ar m'aithris,
a uaisle feithidh an fonn,
beithir uaim-se gan fhearonn."

28 Dá mhac lonna Luighdheach Meann
tógbhuid orra, is é a aithghearr,
ar n-éimheadh críche ar an gcloinn
don mhéirgheal shíthe shéaghuinn.

29 Suil táir fuaradh a bhfeirge,

gabhtar leó a los díbheirge
eang ríghrianach na sreabh seang
a gcean d'fhírmhianach Éireann.

30 Do chloinn Fhiachaidh fhuighlim soin;
ní córa do chloinn Lughaidh,
laoich bhorba dán doiligh dol,
orba cloidhimh do chosnomh.

31 Féilim, Rémann, rún roibheart,
ní fearr iad-san d'fholoidheacht,
fiorchruaidhe do chách 'na gceann,
an síodhchuaine ó ráth Raoileann.

32 Budh mó sa chách a gcumas,
bú lia d'orba is d'fhearannas,
fir fhoinnMhidhe do ghlac goil,
dá mhac oirdnidhe Fhiachaidh.

33 Dreagain líomhtha as lia fala,
coiseónaid clann Fhiachadha
fonn treabharghlan tirmshlim tiugh
d'imlinn leathanmhagh Laighean.

34 Fiú a roimhéd chuirid 'na gceann
d'uaislibh ríoghraidhe Raoileann;
breith ar réidhe ré roile
bheith lé chéile a gcomhnoidhe.

35 Bíd lé aroile láimh do láimh
Féilimidh, fairgseóir Chruacháin,
dreach gnédhonn rén faltach fonn,
is Rémonn marcach Málonn.

36 Bíd réidh coimhédach cogthach
soirbh díbheargach díoghaltach,
lán d'fhírimneadh ar gcúl gcean
ag súr líninbhear Laighean.

37 Críoch Laighean ar nár luigh aoir,
dá thuir chogaidh chlann gCathaoir
dá gciorrbhadh, dá gcomhdha a mbó;
ionnradh na foghla a bhfréamha. FRE